2022. S54T

2022J126C1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí 2022

# Teicneolaíocht Adhmaid

## Comhleibhéal

**Déardaoin 16 Meitheamh** **Tráthnóna 1:30 - 3:00**

120 marc

**Scrúduimhir**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

**Lá agus Mí do Bhreithe**

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

Mar shampla, cuirtear 3 Feabhra isteach mar 0302

**Stampa an Ionaid**

| Don Scrúdaitheoir | |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| Iomlán | |
| Bónas | |
| **Móriom** | |
| Grád | |

## Treoracha


Freagair gach ceist.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh.  Ní ceadmhach duit peann luaidhe a úsáid ach amháin le haghaidh sceitsí agus líníochtaí.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo.  Tá spás i gcomhair obair bhreise i gcúl an leabhráin.  Lipéadaigh aon obair bhreise den chineál sin go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

**Ceist 1**

San íomhá taispeántar seastán uaireadóra atá déanta as adhmad soladach.




**(a)** **(i)** Ainmnigh an fabht adhmaid a bhfuil an lipéid **A** air, ar bhonn an tseastáin mar a thaispeántar.

| Ainm an fhabht: |
|---|

**(ii)** Déan cur síos ar conas is féidir leis an bhfabht seo dul i bhfeidhm ar an adhmad.

| |
|---|
| |
| |

**(b)** San íomhá taispeántar píosa adhmaid, a bhfuil bonn an tseastáin marcáilte air.

Tabhair **dhá** chúis gur phróiseas tábhachtach é an mharcáil agus tionscadal á dhéanamh sa Theicneolaíocht Adhmaid.



| Cúis 1: |
|---|
| |
| Cúis 2: |
| |

**(c)** San íomhá ar dheis taispeántar bonn an tseastáin uaireadóra agus é gearrtha.

San íomhá thíos taispeántar an sábh a baineadh úsáid as chun cúinne tosaigh an bhoinn a ghearradh.






**(i)** Ainmnigh an sábh a thaispeántar.

| Ainm: |
|---|


**(ii)** Luaigh an fheidhm atá leis an bpáirt lipéadaithe **A** ar an sábh.

| Feidhm: |
|---|
| |
| |

**(iii)** Ainmnigh agus sceitseáil sábh oiriúnach **amháin** eile a d'fhéadfaí a úsáid chun an bonn a ghearradh, mar a thaispeántar.

| Ainm na huirlise: |
|---|
| Sceitse: |

**(d)** San íomhá ar dheis taispeántar alt scriú atá á bheartú don tseastáin uaireadóra.




**(i)** Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an alt seo a úsáid.

| Buntáiste: |
|---|
| |
| Míbhuntáiste: |
| |

**(ii)** Úsáid tic (✓) agus sainaithin an scriúcheann a úsáidtear san alt thuas agus luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann le húsáid an scriúcheann seo.

Sliotán ☐

Pozidriv ☐




| Buntáiste: |
|---|
| |

**(iii)** Ainmnigh agus sceitseáil alt **amháin** eile a d'fhéadfaí a úsáid chun an seastán uaireadóra a shiúntáil.

| Ainm an ailt: |
|---|
| Sceitse: |

**Ceist 2**

San íomhá taispeántar suíochán linbh déanta as clár monaraithe, mar a taispeántar.



**(a)** **(i)** Ainmnigh **dhá** chlár mhonaraithe a d'fhéadfaí a úsáid chun an suíochán a dhéanamh.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |

**(ii)** Mol clár monaraithe ón liosta thuas chun an suíochán a dhéanamh agus tabhair cúis le do rogha.

| |
|---|
| Moladh: |
| Cúis: |
| |

**(iii)** Cuir in iúl le tic (✓) cé acu atá gach ceann de na ráitis seo a leanas fíor **nó** bréagach.

| Cláir mhonaraithe | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Tá cláir mhonaraithe ar fáil i leatháin mhóra | | |
| Tá cláir mhonaraithe an-seasmhach | | |
| Fásann cláir mhonaraithe go nádúrtha | | |
| Tá cláir mhonaraithe saor ó lochtanna nádúrtha | | |

**(b)** Anseo thíos taispeántar líníocht oibre neamhchríochnaithe den suíochán linbh.


Taispeántar grafaic 3T den suíochán freisin.


Ar an líníocht thíos:

**(i)** Críochnaigh an t-ingearchló.

**(ii)** Críochnaigh an bonnchló.

**Nóta**: Níl gá le sonraí folaithe.





**(c)** Ní mór dromchlaí an tsuíocháin a ghreanáil sula gcuirtear bailchríoch air.

**(i)** Luaigh an t-ainm ceart ar **gach** ceann de na huirlisí greanála thíos, a bhfuil na lipéid **A**, **B**, agus **C** orthu.

**A**




**B**




A:

B:

**C**





C:

**(ii)** Liostaigh **dhá** réamhchúram shábháilteachta ar leith is cóir a chomhlíonadh má úsáidtear an uirlis ghreanála **C** thuas.

| |
|---|
| Réamhchúram 1: |
| |
| |
| Réamhchúram 2: |
| |
| |

**(d)** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe néata, agus déan cur síos ar **dhá** chéim is gá chun an t-adhmad a ullmhú don bhailchríoch ghléineach fheidhmithe.



Céim 1:

Céim 2:

**Ceist 3**

Eagraíonn Comhairle Crann na hÉireann ***'Seachtain Naisiúnta na gCrann'*** gach bliain ó 1989 i gcomhpháirt le Coillte. Is í fheidhm na seachtaine na aird a dhíriú ar phlandáil agus gach rud a bhaineann le crainn a cheiliúradh trí chlár imeachtaí a eagrú gach bliain.


Comhairle Crann
na hÉireann


**(a)** **(i)** Luaigh **dhá** chúis a chuireann Comhairle Crann na hÉireann plandáil crann chun cinn gach bliain.

| |
|---|
| Cúis 1: |
| |
| |
| Cúis 2: |
| |
| |


**(ii)** Sna híomhánna taispeántar na céimeanna i saolré crann darach.
Ón liosta seo a leanas, sainaithin gach ceann de na céimeanna a bhfuil na lipéid **A**, **B**, **C**, agus **D** orthu.

**Péacadh**, **Crann**, **Síológ**, **Síol**


**A**



**B**


**C**


**D**

| |
|---|
| A: |
| B: |
| C: |
| D: |

**(b)** San íomhá taispeántar crann duillsilteach.




**(i)** Ainmnigh na páirteanna den crann atá lipéadaithe **A**, **B**, agus **C**.

| |
|---|
| A: |
| B: |
| C: |

**(ii)** Luaigh feidhm **amháin** atá le gach páirt den crann a bhfuil lipéad uirthi.

| |
|---|
| Feidhm A: |
| |
| |
| Feidhm B: |
| |
| |
| Feidhm C: |
| |
| |

**(c) (i)** Roinntear crainn i dhá phríomhghrúpa: duillsilteach agus buaircíneach.

Úsáid tic (✓) chun a chur in iúl cé acu de na grúpaí seo is fearr a mbaineann na focail ar chlé leo.

| Crainn | Duillsilteach | Buaircíneach |
|---|---|---|
| Duilleoga i bhfoirm snáthaide | | |
| Táirgeann crua-adhmad | | |
| Fásann na crainn go tapaigh | | |
| Cailltear duilleoga san Fhómhar | | |

**(ii)** Sna híomhánna taispeántar na duilleoga a bhaineann le trí chrann duillsilteach atá coitanta in Éirinn.
Ainmnigh **gach** crann.

**A**



**B**



**C**



| | | |
|---|---|---|
| A: | B: | C: |

**(iii)** Déantar bia do chrann sna duilleoga trí phróiseas ar a dtugtar fótaisintéis.

Ainmnigh **dhá cheann ar bith** de na hamhábhair atá riachtanach chun go dtarlódh fótaisintéis i nduilleog.

| | |
|---|---|
| 1: | |
| 2: | |

**(d)** Sa spás atá thíos, dear póstaer chun próiseas na fótaisintéise i gcrainn a mhíniú.

Ar an bpóstaer scríobh nótaí ar **thrí** chéim ar bith i bpróiseas na fótaisintéise.



**Ceist 4**

San íomhá taispeántar cóstaer boird.
Tá an barr maisithe le veiníri atá gearrtha de réir dearadh an chupáin caife.



**(a)** **(i)** Ainmnigh an teicníc cheardaíochta veiníríthe seo.

| Teicníc cheardaíochta: |
|---|

**(ii)** Gearrtar veinír as tamhan crann, mar a thaispeántar.
Úsáid tic (✓) agus sainaithin an modh gearrtha seo.


| | |
|---|---|
| Gearradh rothail | ☐ |
| Slisniú leibhéalta | ☐ |



**(iii)** Is féidir le húsáid véiniri sa Teicneolaíocht Adhmaid inbhuanaitheacht comhshaoil a chur chun cinn.
Tabhair **dhá** chúis le veiníri a úsáid in ionad adhmaid soladach.

| Cúis 1: |
|---|
| |
| |
| Cúis 2: |
| |
| |

**(b)** San íomhá taispeántar veinír i gcomhair aghaidh bharr an chóstaeir agus bileog páipéir ar a bhfuil dearadh an chupáin caife.




Bain úsáid as nótaí agus sceitsí néata saorláimhe agus déan cur síos ar **dhá** cheann de na céimeanna atá riachtanach chun imlíne an chupáin a aistriú ón mbileog páipéir go dtí an veinír.

| Céim 1: |
|---|
| |


| Céim 2: |
|---|
| |


**(c)** **(i)** Sna híomhánna ar chlé thíos taispeántar roinnt de na céimeanna a úsáidtear i *mhodh na bhfuinneoige* chun an cóstaer a tháirgeadh. Taispeántar ar dheis na cuntais ar gach céim.

Meaitseáil gach ceann de cuntais ar na céimeanna a thaispeántar ar chlé leis an gcur síos cuí ar dheis. Tá an chéad cheann déanta duit.









| |
|---|
| Bain úsáid as téip chumhdaigh agus téipeáil na veiníri le chéile |
| Cuir greamachán ar chúl na veiníri agus crampáil na cóstaeir le chéile |
| Bain úsáid as sceanóg agus gearr amach cruth an chupáin |
| Gearr tríd an bhfuinneog go dtí an veinír faoina bhun |

**(ii)** Ainmnigh an uirlis a thaispeántar, ata á húsáid chun na veiniri a crampáil le haghaidh an chóstaeir.



Ainm:

**(d)** Bain úsáid as sceitse saorláimhe néata, maille le notaí mínithe, chun do smaoineamh a chur in iúl, agus dear coimeádán boird chun na sé chóstaeir a thaispeántar a stóráil.

Ba chóir é a bheith éasca na cóstaeir a chruachadh agus a theacht orthu sa choimeádán.



Sceitse:

Spás breise scríbhneoireachta.

Lipéadaigh gach píosa oibre go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

**Admhálacha**

**Íomhánna**
Íomhá ar leathanach 4: https://www.caulfieldindustrial.com
Íomhá ar leathanach 8: https://www.axminstertools.com
Íomhá ar leathanach 8: https://www.tegstools.com/dewalt-dcw200p1-20v-max-xr-cordless-1-4-sheet-variable-speed-sander-kit-5-0-ah-battery
Íomhá ar leathanach 8: https://www.agencja-amk.pl/bds250-szlifierka-tarczowo-tasmowa-230v.html
Íomhá ar leathanach 10: https://www.treecouncil.ie
Íomhá ar leathanach 10: www.dreamstime.com/illustration/acorn-tree-cycle
Íomhá ar leathanach 11: https://www.commarts.com/project/18917/tree-roots
Íomhá ar leathanach 12: https://www.pinterest.ie/hotspot2/decor-more-leaves/
Íomhá ar leathanach 12: https://www.anyrgb.com/en-clipart-y2rvu
Íomhá ar leathanach 12: https://www.123rf.com
Íomhá ar leathanach 13: https://www.publicdomainpictures.net/en/view-image.php?image=173260&picture=tree

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000.* Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Comhleibhéal

# Teicneolaíocht Adhmaid

Déardaoin 16 Meitheamh
Tráthnóna 1:30 - 3:00